

## Áitíonn Arnold Schwarzenegger agus James Cameron ar dhaoine níos lú feola a ithe

Tá príomhaisteoir agus stiúrthóir Terminator ar thús cadhnaíochta i bhfeachtas nua chun srian a chur le hithe táirgí ainmhithe, agus iad ag moladh tionscnaimh sa tSín chun ithe feola a laghdú faoi 50%



Tá se níos faide ná scór bliain ón chéad scannán brúscadh putóg Terminator, agus tá James Cameron agus Arnold Schwarzenegger ag comhoibriú arís ar fheachtas ag moladh do dhaoine gearradh siar ar an méid feola a itheann siad.

Agus WildAid chun tosaigh san cheist, tá an feachtas ag cruthú suime i measc lucht éisteachta Meiriceánach agus Síneach a cheapadh, agus tacaíonn siad le hiarrachtaí rialtas na Síne an méid feola a itheann an pobal a laghdú faoi 50%.

“Caithfidh tú meas a bheith agat air sin,” a deir Cameron i bpíosa scannáin chúlstáitse ón siút. “Sin seasamh ceannaireachta atá glactha acu.” Is é a dúirt an stiúrthóir, ar braitheadh rian dá ghníomhaíochas éiceolaíoch i bplotaí scannán amhail Avatar, gur gríosáíodh i mbun gnímh é i ndiaidh dó a fhimíneacht féin a thabhairt faoi deara.

“Cad é mar a thig liom comhshaolaí a thabhairt orm féin nuair a bhím ag cur le díghrádú na timpeallachta leis an méid a bhím a ithe?”

Ag labhairt dó le hais Cameron, tuairiscíonn Schwarzenegger na tairbhí sláinte a bhaineann le gearradh siar ina iontógáil feola agus déiríochta ar chomhairle dochtúirí. “Tá mé de mo bhaint den fheoil go mall,” a deir sé, “agus tá mé á rá leat: mothaím go hiontach.”

San fhíseán, ar cuid de straitéis níos leithne é lena n-áirítear cláir fógraíochta agus gealltanais ar líne, feictear Schwarzenegger ag tuisliú leis trí thórdhreach scriosta a ndearna tionscal an bheostoic slad air go pointe is cosúil.

“Níos lú feola, níos lú teasa, níos mó beatha,” a deir an t-aisteoir sa scannán mar fhocal scoir, a fhógraíonn freisin gur mícheart é an tuairim gur gá feoil leis na matáin a neartú.

Is aisteach an chontrárthacht idir an feachtas agus físeán a eisíodh níos luaithe an tseachtain seo, a bhfuil Matt Damon, Joaquin Phoenix agus Rooney Mara chun tosaigh ann, agus iad ag stocaireacht le go gcuirfead deireadh le ciapadh agus le slad ar suas le 10,000 madra sa Chian-Oirthear atá mar chuid d’fhéile bhliantúil bhia.

## Eolaí: Ná cuirtear an locht ar na ba faoin athrú aeráide

Curtha in oiriunt ó alt a scríobh **Paul Armstrong**, CNN

**Londain, Sasana (CNN)** – Tá eolaí sna Stáit Aontaithe i ndiaidh ag cheistiú an tionchar a bhíonn ag feoil agus táirgeadh déiríochta ar an athrú aeráide, agus tá sé curtha i leith na Náisiún Aontaithe go ndearna siad áibhéil ar an nasc eatarthu. In 2006, i dtuairisc a d'fhoilsigh Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na N.A. (EBT NA) dar teideal "Livestock's Long Shadow," maíodh gurb é táirgeadh na feola is cúis le 18 faoin gcéad de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa, agus dúradh freisin gur mó é sin ná tionchar an chórais iompair.

Tá feirmeoireacht bheostoic ag clúdach 30% de dhromchla an domhain cheana agus thug na N.A. foláireamh go méadódh tionchar comhshaoil an tionscail faoi dhó faoin mbliain 2050 mura gcuirfí dianbheartais i bhfeidhm. Bhain lucht comhshaoil agus mórfheachtasóirí ina mheasc Paul McCartney, úsáid as na torthaí seo chun a áitiú ar thomhaltóirí níos lú feola a ithe agus an pláinéad a shábháil. Anuraidh i bhfeachtas an iar-Bheatle, a ndearnadh scéal an-mhór de, is é an mana a bhí aige ann: "Níos lú feola = níos lú teasa."

Ach is é atá á rá ag Frank Mitloehner, speisialtóir i gcaighdeán an aeir ó Ollscoil Chalifornia ag Davis (UCD), gur tháinig na N.A. ar a gcuid tátail d'earnáil an bheostoic trí astaíochtaí ón bhfeirm go dtí an bord a shuimiú, lena n-áirítear na gáis a ghintear ó bhia ainmhithe a fhás; astaíochtaí díleá ainmhithe; agus feoil agus bainne a phróiseáil ina mbianna. Ach níor suimíodh ina gcuid figiúirí na hastaíochtaí ón tobar go dtí an roth; ina ionad sin, níor chuir siad san áireamh ach astaíochtaí ó bhreoslaí iontaise a dhóitear le linn tiomána.

"Is é atá san 'anailís' leataobhach seo analach clasaiceach na n-úll agus na n-oráistí a chuir an cheist go hiomlán as a riocht," arsa Mitloehner ar shuíomh Gréasáin na hOllscoile. Dhírigh Mitloehner freisin ar an bhfíric go bhfuil na príomhúdarais ar aon intinn gurb ionann ainmhithe a thógáil le haghaidh bia agus tuairim ar 3 faoin gcéad de gach astaíocht gás ceaptha teasa sna S.A., agus gurb é suas le 26 faoin gcéad a ghintear ag cúrsaí iompair. Chuir sé leis an méid sin á rá "feirmeoireacht ainmhithe níos cliste seachas níos lú feirmeoireachta a bheidh cothrom le níos lú teasa."


Dúirt duine d'údair na tuairisce, Pierre Gerber, le CNN gur ghlac sé leis go raibh an chomparáid le sonraí iompar míchruinn. "Ní d'aon ghnó a rinneadh an méid sin," a dúirt sé. "Ach ní bhaineann inchomparáideacht na sonraí den mheastachán de 18 faoin gcéad". Thacaigh pobal na heolaíochta leis an méid sin, thagair an IPCC (Painéal Idirrialtasach ar Athrú Aeráide) dó, mar sin de níl sé faoi amhras.

Lena linn sin, d'inis Liz O'Neill ó Chumann Veigeatóirí na Breataine – carthanas oideachasúil a áiríonn Paul agus Stella McCartney i measc a chuid pátrún, d'inis sí don CNN go bhfuil tionscal na feola go fóill ina údar mór athrú aeráide. "Is léir gur fiú comparáidí a dhéanamh ach is tionchar fíormhór ar fad é go fóill 18 faoin gcéad," a dúirt sí. "Ach ní bhaineann sé le hastaíochtaí a laghdú sa réimse sin amháin. Tá sé uile go léir le déanamh againn. Bhí Cumann na Veigeatóirí i gcónaí ar a bhfaichill gan a rá 'Bí i do veigeatóir agus ansin is féidir leat dul ar eitiltí cianastir ar do laethanta saoire.' Is é atáimid á rá nach bhfuil ann seo ach ceann amháin de na rudaí is féidir a dhéanamh le hionchur a bheith agat."

Dúirt Duncan Pullar ón bhFeidhmeannas Mairteola agus Uain (EBLEX), a chuireann chun cinn tionscal na mairteola agus an uain sa Bhreatain, mar gheall ar na "bearnaí creidiúnachta" ar an dá thaobh den argóint gur deacair ag tomhaltóirí tionchar táirgeadh bia ar an timpeallacht a thuiscint.

## Gineann tógáil eallaigh níos mó gáis cheaptha teasa ná tiomáint carr, an rabhadh a thugtar i dtuairisc de chuid na NA

29 Samhain 2006 – Gineann tógáil eallaigh níos mó gáis cheaptha teasa téamh domhanda, faoi mar a thomhaistear í i gcoibhéis CO<sub>2</sub>, ná cúrsaí iompair, agus tá géarghá le modhanna táirgthe níos cliste, lena n-áirítear réimeanna bia ainmhithe feabhsaithe chun coipeadh eintreach agus na hastaíochtaí meatáin a bhíonn ann dá bharr a laghdú, de réir tuairisc nua de chuid na Náisiún Aontaithe a foilsíodh inniu.



“Tá beostoc ar cheann de na húdair is mó leis na fadhbanna comhshaoil is measa dá bhfuil ann lenár linn,” arsa oifigeach sinsearach de chuid Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta (FAO) na NA, Henning Steinfeld. “Tá gheargá le gníomh práinneach chun an stád a fheabhsú.”

Cúis mhór le díghrádú talaimh agus uisce í freisin is ea tógáil eallaigh, de réir thuairisc an FAO, *Livestock's Long Shadow—Environmental Issues and Options* (Scáil Fhada an Bheostoic – Ceisteanna agus Roghanna Comhshaoil), a bhfuil an tUas. Steinfeld ina údar sinsearach air. Tugtar an foláireamh seo, “Ní mór costais chomhshaoil in aghaidh an aonaid de tháirgeadh beostoic a ghearradh faoina leath, chun a chinntiú nach measa a bheidh an damáiste ná mar atá sé faoi láthair,”.

Nuair a chuirtear astaíochtaí ó úsáid talún agus ó athrú úsáid talún léi, is í an earnáil bheostoic atá freagrach as 9 faoin gcéad den CO<sub>2</sub> a thagann ó ghníomhaíochtaí atá bainteach le daoine, ach cruthaíonn sé i bhfad níos mó gáis cheaptha teasa a dhéanann fiú amháin níos mó dochair. Gineann sí 65 faoin gcéad den ocsaíd nítriúil a bhaineann le daoine, a bhfuil 296 uair níos mó Poitéinseal Téamh Domhanda (GWP) aici ná an CO<sub>2</sub>. Tagann a mhórchuid sin ó aoileach.

Agus is í is cúis faoi seach le 37 faoin gcéad de gach meatán daonspreagtha (a ghineann 23 uair níos mó teasa ná CO<sub>2</sub>), a chruthaítear den chuid is mó ó córas díleá na n-athchogantach, agus le 64 faoin gcéad d’amóinia, a chuireann go mór le báisteach aigéadach.

Agus méadú tagtha ar an rathúnas, bíonn daoine ag ithe níos mó feola agus táirgí déiríochta gach bliain, a luaitear sa tuairisc. Táthar ag fortheilgean go mbeidh níos mó ná dhá oiread táirgeadh feola ann ó 229 milliún tona in 1999/2001 go 465 milliún tona in 2050, agus tá táirgeacht bainne chun ardú ó 580 go 1043 milliún tona.

Tá an earnáil dhomhanda bheostoic ag fás níos tapúla ná aon fho-earnáil talmhaíochta eile. Tugann sí slí bheatha do thart ar 1.3 billiún duine agus cuireann sé le tuairim ar 40 faoin gcéad le táirgeacht talmhaíochta ar fud an domhain. Tá an beostoc freisin ina fhoinsé in-athnuaite fuinnimh chun uisce a tharraingt ag a lán teaghlaigh bhochta i dtíortha atá i mbéal forbartha agus is bunfhoinsé leasachán orgánach dá mbarra é.

Úsáideann beostoc 30 faoin gcéad de dhromchla talaimh an domhain uile anois, ar féarach buan den chuid is mó é ach freisin tá 33 faoin gcéad ann de thalamh talmhaíochta an domhain a úsáidtear chun bia a dhéanamh don bheostoc, dar leis an tuairisc. Agus foraoisí á ghearradh chun féaraigh nua a chruthú, tá an beostoc ar na cúinsí is mó le difhóraoisí, go háirithe i Meiriceá Laidineach mar a bhfuil, mar shampla, 70 faoin gcéad éigin d’iarchoillte a iompaíodh ina dtalamh féaraigh.

Lena chois sin tá díghrádú forleathan talaimh ag tarlú mar gheall ar na tréada móra, agus meastar go bhfuil 20 faoin gcéad de talamh iníir díghrádaithe de dheasca ró-innilt a leanann dlúthú is creimeadh an talaimh é. Is airde arís an figiúr sin sna tailte tiorma mar a mbíonn beartais neamhoiriúnacha agus bainistíocht mhíshásúil ar bheostoc ag cur go mór le fairsingiú fásaigh.

Tá gnó an bheostoic ar na hearnálacha is mó a dhéanann díobháil d’acmhainní uisce an domhain atá ag dul i laghad de shíor, ag cur i measc rudaí eile le truailliú an uisce ó fhuílleach ainmhíoch, antaibheathaigh agus hormóin, ceimiceáin ó theanúis (*tanneries*), leasacháin agus na lotnaidicídí a úsáidtear chun barra bia a spraeáil.



Is é John Cook, an Comhalta do Chumarsáid Aeráide leis an *Institiúid um Athrú Aeráide*, in Ollscoil Queensland a chruthaigh agus a choinníonn Skeptical Science. Tá iliomad leabhar scríofa aige ina measc téacs do choláistí in 2013 dar teideal *Eolaíocht Athrú Aeráide: Sintéis Nua-aimseartha*. *Cuireadh an alt seo in oiriúint ón suíomh seo.*

## Cá mhéad a chuireann riar ainmhithe agus ithe feola leis an téamh domhanda?

Is iad dó breoslaí iontaise le haghaidh fuinnimh agus riar ainmhithe dhá cheann de na rudaí is mó a chuireann le téamh domhanda, chomh maith le dífhoraioisiú. Ar fud an domhain, is é fuinneamh bunaithe ar bhreosla iontaise is cúis le tuairim ar 60% d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa i measc daoine, an dífhoraioisiú thart ar 18%, agus riar ainmhithe idir 14% agus 18% (meastacháin ó Institiúid Acmhainní an Domhain, Eagraíocht Bia agus Talmhaíochta na NA, agus Pitesky et al. 2009).

Mar sin de, is rudaí iad riar ainmhithe agus ithe feola a chuireann go mór le téamh domhanda, ach is lú i bhfad iad ná dó breosla iontaise. Ina theannta sin, cuireann breoslaí iontaise fiú amháin níos mó leis an bhfadhb i dtíortha atá forbartha, a úsáideann níos mó fuinnimh agus a mbíonn éifeachtúlacht mhéadaithe táirgeadh beostoic acu (Pitesky et al. 2009). Sna Stáit Aontaithe, mar shampla, is e fuinneamh bunaithe ar bhreosla iontaise atá freagrach as tuairim is 80% dá bhfuil ann d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa i gcomparáid le thart ar 6% ó riar ainmhithe (meastacháin ó Institiúid Acmhainní an Domhain agus Pitesky et al. 2009).

## Conas gur cúis téamh domhanda é riar ainmhithe?

Ceann de na príomhbhealaí ina gcuireann an earnáil bheostoic le téamh domhanda is ea an dífhoraioisiú a dhéantar de bharr leathnú talamh féaraigh agus talamh talmhaíochta a úsáidtear le barra cothaithe a fhás. San iomlán, is é riar ainmhithe is cúis le thart faoi 9% d'astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin ó dhaoine ar bhonn domhanda (EBT NA).

Tá riar ainmhithe ina fhoinsé mhór do gháis cheaptha teasa eile freisin. Cruthaíonn athchogantaigh cosúil le eallach meatán, mar shampla, ar gás ceaptha teasa é atá tuairim is 20 uair níos láidre ná dé-ocsaíd charbóin. Tá an earnáil bheostoic freagrach as thart ar 37% d'astaíochtaí meatáin ó dhaoine, agus thart ar 65% d'astaíochtaí ocsaíd nítriúil an duine (ó aoileach go príomha), sa domhan (EBT NA).

## Tá an mhairteoil ina fadhb níos mó ná foinsí eile feola.

Mheas Eschel et al. 2014 go n-éilíonn tairgeadh mairteola 28 n-uaire níos mó talaimh, 6 huair níos mó leasacháin agus 11 uair níos mó uisce ná tairgeadh muiceola ná sicín. Dá thoradh sin, ba é a meastachán an staidéar go scaoiltear 4 huair níos mó gáis cheaptha teasa le linn mairteoil a tháirgeadh ná a chómhaithe de mhuceoil ó thaobh calraí de, agus 5 huair níos mó ná a cóimhéid de circeoil.

Gintear níos lú astaíochtaí gáis cheaptha teasa nuair a itear glasraí. Gineann prátaí, rís agus brocaillí, mar shampla, astaíochtaí atá timpeall 3–5 huair níos ísle ná an mhaís chéanna de circeoil agus de mhuceoil (Meitheal Oibre don Chomhshaoil 2011).

## Conas a chuirtear na figiúirí as a riocht?

Is minic a mholtar gur iompú ina veigeáin an chéim is tábhachtaí ar féidir le daoine a ghlacadh chun fadhb an téimh dhomhanda a réiteach. Cé go laghdaítear an méid astaíochtaí gáis cheaptha teasa a bhíonn ann nuair a itear níos lú feola (go háirithe mairteoil agus uaineoil), is scéal áibhéalach le maíomh é.

Tá comparáid ann a luaitear go minic, gurb é riar talmhaíochta ar fud an domhain faoi deara méid níos mó d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa a thagann ó ghníomhaíocht dhaonna (14-18%) ná ó chúrsaí iompair (13.5%). Cé gur fíor an méid sin, níl san iompar ach ceann amháin den iliomad foinsí ídiú breosla iontaise ag an duine. Is giniúint leictreachais agus teasa leo féin atá taobh thiar de 25% go garbh d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa ar fud an domhain.

Lena chois sin, i dtíortha forbartha ina ndéantar an argóint den chuid is mó go 'réiteoidh veigeánachas an fhadhb', is é riar ainmhithe is cúis le méid níos lú arís d'fhadhb an téimh dhomhanda ná breoslaí iontaise. I SAM, mar shampla, tá breoslaí iontaise freagrach as os cionn 10 n-uaire níos mó astaíochtaí gáis cheaptha teasa daonspreagtha ná riar ainmhithe. Ní hamhlaidh go bhfuiltear ag déanamh beagní den mhórchionchar téamh domhanda a bhaineann le talmhaíocht ainmhithe, go háirithe ó mhairteoil agus ó uaineoil, ach is den tábhacht é freisin nach ndéantar áibhéil ar a tionchar ná go n-íoslaghdaítear an tionchar i bhfad níos measa a bhíonn ag breoslaí iontaise.

